



REACT



Oifigeach Togra (REACT/REGENERGY) - ar chonradh

I gcomhar le páirtneírí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra REACT agus REGENERGY, cláir fhorbartha Eorpacha chun tacú le forbairt fuinneamh in-athnuaite. Tá an dá chlár seo á mhaoiniú faoi chlár Horizon 2020 agus INTERREG (NWE) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidhmiú na dtograí seo, tá post á tairiscint mar Oifigeach Togra sa Rannóg Taighde & Forbartha Earnála ar bhunús conartha. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre REACT agus REGENERGY atá le réachtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt tograí fuinnimh in-athnuaite agus tograí caomhnaithe fuinnimh i gcliantchomhlachtaí, i ngrúpaí pobail agus i bhfoirgnimh de chuid an Údaráis agus eagrais phoiblí eile.

Conradh suas le trí bliana atá i gceist leis an bpost seo a bheidh lonnaithe in Oifig Réigiúnach an Deiscirt, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh agus comhordú a dhéanamh ar na tograí Eorpacha REACT agus REGENERGY thar ceann an Údaráis sa Ghaeltacht. I measc na ndualgas beidh an té a cheapfar freagrach as na tascanna oibre a bhaineann leis na tograí seo a chur i gcrích sa Ghaeltacht, bainistiú a dhéanamh ar bhuiséid an chlár, teagmháil rialta a choimeád le páirtneírí an chlár, tuairiscí agus taighde a dhéanamh, freastal ar chomhdhála/cruinnithe, feachtas a ardú agus poiblíocht a dhéanamh i measc phobal na Gaeltachta ar dheiseanna úsáide d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa Ghaeltacht le cúram ar leith de na hoileáin Ghaeltachta, agus forbairt a dhéanamh ar thograí pólótacha pobail.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla,
- Cáilíocht tríú leibhéal iarchéime san innealtóireacht/fuinneamh in-athnuaite nó ábhar gaolmhar eile,
- Taithí oibre 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime,
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí,
- Eolas / tuiscint ar scéimeanna Eorpacha ina bhuntáiste,
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí,
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta,
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin.

Íocfar scála tuarastail idir €40,000- €45,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh 4:00 i.n., 28ú Meitheamh 2019 chuig foluntais@udaras.ie nó chuig:

**An Feidhmeannach Acmhainní Daonna & Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.**

Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.



Fuair an togra seo maoiniú ó chlár taighde agus nuálaíochta Horizon 2020 an Aontais Eorpaigh faoi chomhaontú deontais Uimh 824395

